ABAIR LEAT
HAVE YOUR SAY
HAE YER SPAKE
THE **NEW IRELAND** IS FOR EVERYONE

# FÉINIÚLACHTAÍ AGUS CULTÚR PROTASTÚNACH AN TUAISCIRT A FHIOSRÚ IN ÉIRINN CHOMHROINNTE

AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA HÉIREANN – DOIRE

**Tuarascáil ó**
**Thionól Saoránach i nDoire,**
**13 Meán Fómhair 2023**

Sinn Féin
www.sinnfein.ie/futureofireland

# RÉAMHRÁ

Bhí imeacht earnála Dhoire a d'eagraigh an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann ar siúl an 13 Meán Fómhair 2023 sa Verbal Arts Theatre.

Ba é an teideal a bhí air: "Exploring Northern Protestant Identities and Culture in a Shared Future."

Ghlac triúr ban ón phobal aontachtach ann – gach duine acu ina gníomhaí pobalbhunaithe - páirt san ócáid. Ba iad sin: Catherine Pollock - a bhí ina cathaoirleach ar an ócáid - Catherine Cooke agus Alison Wallace.

Pádraig Delargy, duine de bheirt CTR de chuid Shinn Féin don Fheabhail, a labhair ag an tús. Chuir sé fáilte roimh gach duine chuig an ócáid agus ina dhiaidh fágadh cúraim an chruinnithe faoi Declan Kearney, Cathaoirleach Náisiúnta Shinn Féin agus MLA d'Aontroim Theas. Tá Declan ina chathaoirleach fosta ar Choimisiún Shinn Féin um Thodhchaí na hÉireann.

Dúirt Declan Kearney, "Tá sé tábhachtach amach anseo, go ndéanfaimid mar phoblachtánaigh, go n-éistimid go cúramach lena gcloisimid agus go n-úsáidimid é mar bhealach le deiseanna nua a chruthú leis an phlé seo a leathnú. "

"Ina dhiaidh sin, beimid in ann a bheith i bhfad níos ciallmhaire agus níos eolaí faoin chineál comhrá a bheidh de dhíth, comhrá ina leagfar síos an dúshraith d'Éirinn nua chuimsitheach agus aontaithe. B'fhéidir nach mbeimid ar aon intinn faoin am a chuaigh thart, ach is féidir linn saol níos fearr amach anseo a phleanáil le chéile".



Ansin chuir Catherine Pollock í féin agus na painéalaithe eile, Catherine Cooke agus Allison Wallace in aithne.

Is as Droim na hUamha í **Catherine Pollock,** ach tá cónaí uirthi i gceantar an Tobair i nDoire faoi láthair agus tá sí ina gníomhaí pobail le breis agus fiche bliain anuas.

Tá **Catherine Cooke** ina gníomhaí pobail le 28 bliain agus oibríonn sí le tacú le mná áitiúla agus le grúpa áitiúla ban.

Is as Newbuildings i nDoire í **Allison Wallace,** áit a bhfuil sí ina hoibrí pobail a bhfuil spéis ar leith aici i ngnóthachtáil oideachais, go háirithe i scoileanna Protastúnacha..



# PRÍOMHTHÉAMAÍ

- Tábhacht na dtraidisiún Aontachtach
- Ceannaireacht sa phobal Aontachtach
- An dearcadh go bhfuil na hÉireann ina bhagairt
- Áit an phobail PUL i struchtúir rialtais áitiúil
- Rannpháirtíocht trasphobail ag leibhéal áitiúil


ABAIR LEAT
HAVE YOUR SAY
HAE YER SPAKE
EXPLORING NORTHERN
PROTESTANT IDENTITIES &
CULTURE IN A SHARED FUTURE
THE COMMISSION ON
THE FUTURE OF IRELAND


EXPLORING NORTHERN
PROTESTANT IDENTITIES &
CULTURE IN A SHARED FUTURE
THE COMMISSION ON
THE FUTURE OF IRELAND


IN A SHARED FUTURE


THE COMMISSION
ON THE FUTURE
OF IRELAND
AN COIMISIÚN
UM THODHCHAÍ
NA hÉIREANN



## Catherine Pollock

Dúirt Catherine Pollock leis an lucht féachana go bhfuil a fhios aici go bhfuil gá le tuiscint níos fearr agus níos leithne ar fhéiniúlacht agus ar chultúr Protastúnach agus ar cad is brí le bheith ina Protastúnach. Mothaíonn sí go bhfuil tuairimí faoi seo ag teacht sálach ar a chéile. Mhínigh Catherine nach raibh sé furasta ag aon duine de na painéalaithe glacadh leis an chuireadh chun na hócáide agus go raibh sí féin agus na mná eile i mbaol a gcáinte ó phobail na nDílseoirí Aontachtacha Protastúnacha (PUL), ach go bhfuil súil acu na línte rannpháirtíochta a choinneáil oscailte.



## Catherine Cooke

Chuir Catherine Cooke í féin in aithne agus dúirt sí go raibh sí "sásta a bheith anseo". Thug Catherine cuntas gairid ar a dúchas féin i nDoire agus d'inis sí faoin dóigh ar aistrithe a teaghlach go ceantar Dhoire Trasna sa deireadh, cosúil le go leor Protastúnach ag an am. Dúirt sí nach mbíonn rogha ag aon duine maidir leis an teaghlach ar leo iad ach dúirt "Is mé an té is mé, agus ní ghabhaim aon leithscéal faoi sin". Dúirt Catherine go bhfuil sí an-bhródúil a bheith ar an chéad oibrí pobail mná sa Chathair, ach go ndearnadh cáineadh uirthi ina pobal féin, pobal a bhfuil fir chun tosaigh ann.

Bhí ról mór ag Catherine i saol na mbannaí máirseála fosta agus sheinn sí an bosca ceoil i mbanna ceoil John Adam. Dúirt sí go bhfuil dúil mhór aici in imeachtaí an 12 Iúil agus a bheith ag amharc ar na mórshiúlta. Dúirt sí gur bealach deas é le bualadh le daoine. Dúirt Catherine: "I mo chás féin de, is ionann mise ag dul chuig na mórshiúlta agus daoine eile ag dul chuig cluichí CLG. Buailimid le chéile agus labhraímid le teaghlaigh eile". Dúirt sí gur cuid mhór dá saol iad mórshiúlta agus bannaí, agus go mbíonn a fear céile, a garmhac agus a hiníonacha ar fad ag glacadh páirte ann. Dúirt sí gur ghnách lena máthair cairdeagain Union Jack a chniotáil do na mórshiúlta, a dúirt sí, "mar a dhéanann tú do Lá Fhéile Pádraig".

Dúirt Catherine leis an chruinniú go raibh sí i gcuideachta Ghearóid Uí Eara tamall ó shin agus gur luaigh sé go neamhairdiúil faoi na bannaí a bheith páirteach sa Fhleadh. Mar sin, ba é an toradh a bhí air sin ná go ndeachaigh Cumann Bannaí

Dhoire i dteagmháil leis agus dar le Catherine gur smaoineamh maith a bhí ann do na bannaí páirt a ghlacadh san Fhleadh. Mar sin féin, dúirt sí: "Caithfidh tú a bheith in áiteanna mar sin le go dtiocfaidh gníomhartha den sórt sin chun cinn".



## Alison Wallace

Dúirt Alison Wallace leis an chruinniú nach bhfuil aon cheangal aici leis na bannaí; mar sin féin, seinneann a hiníon i mbanna píob Ultach Albanach, atá "go hiomlán difriúil". Ghríosaigh Alison a hiníon le bheith páirteach ann ionas go dtiocfadh léi foghlaim faoina féiniúlacht agus faoina traidisiún ar bhealach níos dearfaí. Dúirt sí nach bhfuil fir chun tosaigh sna bannaí píobaí, murab ionann agus na bannaí eile. Bhí Alison ag iarraidh a chur in iúl go raibh cuimhní an-cheanúil aici ar a hathair i mbun máirseála, áfach. Bíonn sí go fóill ag freastal ar na mórshiúlta agus is breá léi bualadh le daoine nach bhfaca sí le tamall.













# Plé an Pháinéil

Mhol Catherine Cooke agus Catherine Pollock araon don lucht féachana amharc ar an chlár faisnéise gairid darb ainm 'For the Love of Bands'. D'aontaigh siad beirt gur deis iontach iad na bannaí do na daoine óga foghlaim faoi agus uirlisí ceoil a sheinm agus go gcoinníonn siad daoine ógaar shiúl ó na sráideanna fosta. Dúirt Alison gur spás iontach idirghlúine iad na bannaí ina gcuirtear an traidisiún ar aghaidh.

Dúirt Allison: "Níl aon cheannaireacht dhearfach san Aontachtachas.Tá barraíocht a guthanna diúltacha le cloisteáil." Tá imní uirthi fosta go bhfuil barraíocht réamhthuairimí ann faoi 'chultúr na mbannaí'. Dúirt Allison gur léir go bhfuil fírinne áirithe ag baint leis na réamhthuairimí agus ní i dtólamh.

Creideann Allison: "go bhfuil gá le scéal níos dearfaí maidir leis an Aontachtachas". Dúirt sí: "Níl Protastúnacha ag iarraidh dul i ngleic le haon rud Éireannach mar go bhfuil sé polaitithe". Dúirt sí go bhfuil stair an damhsa Ghaelaigh i bpobail Phrotastúnacha; mar sin féin, mar gheall ar dhearcadh na bpobal PUL, tá sé caillte.

Dúirt Allison: 'Feictear an tÉireannachas mar bhagairt do chultúr na Breataine agus tá brón orm gur tharla sé seo.' Dúirt sí ansin: "Is é an dúshlán is mó ná ceannaireacht dhearfach. Tá mé bréan d'fhir ag béicíl 'Níl'."

Dúirt Allison fosta nach ábhar imní di An Windsor Framework mar go bhfuil níos mó imní uirthi go bhfuil a hiníon ag fanacht ar mheasúnú ASD le dhá bhliain anuas, mar gheall ar an tsáinn agus gan aon roinn rialtais ag feidhmiú.

Dúirt Catherine Cooke go bhfuil fadhbanna aici le córas D'Hondt maidir le Méara Aontachtach a roghnú agus go bhfuil imní uirthi fosta nach bhfuil ach ochtar comhairleoirí aontachtacha ar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin (DCSDC) as 40 san iomlán.

Bhí Allison ar aon intinn le Catherine faoi na ceisteanna seo agus í den tuairim gur drochsmaoineamh a bhí sa chinneadh gan airgead a dháileadh ar cheiliúradh chorónaithe an Rí. Tá imní ann nach gcloisfear pobal PUL ag leibhéal cathartha.

Bhí Catherine Pollock ar aon intinn fosta.

Dúirt Catherine Cooke nach bhfuil go leor rudaí ó Chomhaontú Aoine an Chéasta nár tharla go fóill. Tá daoine go fóill deighilte maidir le cúrsaí tithíochta. Dúirt sí freisin: "Beidh a fhios againn an bhfuil sé ag obair má thosaíonn Caitlicigh ag cur fúthu ar an Tulaigh Áille agus Protastúnaigh ag cur fúthu sa Chreagán".

Dúirt sí, áfach: "Ní dóigh liom go dtarlóidh sé sin go deo".

Dúirt sí go bhfuil sé den tuairim go bhfuil poblachtánaigh an-mhuiníneach, ach nach mar sin atá sé dá pobal féin. D'admhaigh sí fosta go bhfuil go leor oibre curtha isteach ag a lán daoine atá i láthair sa seomra leis an áit ina bhfuil muid anois a bhaint amach.

Dúirt Catherine Pollock go bhfuil imní uirthi: "Níl muid ag caint go leor ar bhonn háitiúil, ach ar fud an domhain".

Bhí Allison ar aon intinn agus dúirt sé go gcaithfimid a bheith níos tarraingtí agus níos éagsúla. Ní mór dúinn na daoine óga a mhealladh níos mó le páirt a ghlacadh sa phlé in ionad "na gnáthdhaoine a chur i láthair, caithfimid mianta s'acu don saol seo amach romhainn a chluinstin".

D'admhaigh Catherine Cooke go mbíodh Oifigeach Rannpháirtíochta (Martina Anderson) ag Sinn Féin agus gur cheadaigh agus gur éascaigh sé plé. B'fhéidir gur chóir smaoineamh air seo arís.

Dúirt Allison go bhfuil muid i ndiaidh bogadh ar aghaidh ón síocháin a thógail agus go gcaithfear comhráití níos deacra a dhéanamh faoi Éirinn aontaithe nó faoi Éirinn nua. Ní bhraitheann sí go bhfuil na pobail PUL réidh lena haghaidh seo go fóill agus go mbeidh ar rudaí bogadh go mall, ach beidh sé thar a bheith deacair.

Dúirt Catherine Cooke ansin: "B'fhéidir gur mhaith leat Éire aontaithe, ach is cinnte nár mhaith liomsa. B'fhéidir nach mbeidh Éire aontaithe againn go deo, ach 'oileáin chomhaontaithe'."



# Tuairimí ón lucht féachana

Dúirt duine den lucht féachana ansin: "Ba mhaith liom Éire aontaithe, ach caithfidh an t-oileán ar fad athrú agus dá mhéad a dhéanann pobal PUL neamhaird air seo, is ea is lú a bheidh acu má tharlaíonn sé i ndáiríre".

Tá imní ar Allison nach bhfeicfear ná nach gcloisfear í in Éirinn aontaithe agus bhí sí in amhras cé acu a bheadh Michelle O'Neill ina Céad-Aire do chách mar a deir sí.

D'admhaigh Catherine Pollock ansin go bhfuil gothaí móra déanta ag Michelle le croitheadh láimhe agus ag freastal ar shochraid Bhanríon Shasana.

D'admhaigh ball eile den lucht féachana go raibh sé go hiontach painéal a fheiceáil agus mná ar fad air, ach bhí sí ag súil nár cheart gach rud a dhíriú ar chúrsaí an gheilleagair srl, ach ar cheisteanna aeráide freisin. Dúirt Allison Wallace go bhfuil an-mheas ag daoine óga inniu ar athrú aeráide.

Dúirt Catherine Cooke go raibh sí i Luimneach le gairid agus go raibh sí i mbun comhrá le fear a dúirt go bhfuil na fadhbanna céanna ag Deisceart na hÉireann agus atá ag an Tuaisceart le drugaí, bochtanas agus easpa dídine - mar sin tá gá le ceannaireacht pholaitiúil ar fud an oileáin.

Dúirt Catherine ansin go raibh áthas uirthi an oiread sin ban óg a fheiceáil tofa ar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin (DCSDC), a hiníon ina measc. Dúirt sí freisin: "Is áit é Tuaisceart Éireann do gach duine agus cé go bhfuil mé i mbun plé anseo, níl mé cinnte de an mbeinn i bhfách le hÉirinn Aontaithe".

Dúirt ball den lucht féachana ansin, in 2013, go raibh an chathair in áit an-mhaith, ach measann sé go bhfuil sí i ndiaidh dul siar ó shin, go háirithe maidir le cinneadh na saincheisteanna roghnúcháin méaracha agus gan airgead a bhronnadh ar phobail PUL do pháirtithe le comóradh a dhéanamh ar chorónú an Rí Séarlas. D'fhiafraigh sé fosta an raibh daoine óga ag géilleadh rud beag faoin smaoineamh faoi Éirinn aontaithe.

Dúirt Allison Wallace gur mhothaigh sí brónach do dhaoine óga mar go bhfuiltear ag rá leo i gcónaí go bhfuil creimeadh á dhéanamh ar a gcultúr agus ar a bhféiniúlacht agus go bhfuil sé seo á chur i bhfeidhm ar phobail Phrotastúnacha den aicme oibre. Dúirt sí go bhfuil folús á chruthú aige agus gurb ionann na "daoine is deacra le haimsiú agus na daoine is deacra le tuairimí s'acu a athrú ".

Dúirt Catherine Cooke go raibh baint mhór ag Covid le daoine a bhrú ar ais chuig a bpobail féin agus leis an chíréib maidir le teorainn farraige na hÉireann. Dúirt sí nach bhfuil dóthain ceannaireachta ag an chosmhuintir. Dúirt sí go mb'fhéidir go mbeadh ról ag fóram na mbannaí ansin.

Mhol duine den lucht féachana ansin na mná as a bheith i láthair. Dúirt an fear go raibh sé bródúil i gcónaí as cainteanna Dhoire maidir le mórshiúlta agus d'aontaigh Catherine Cooke leis seo.

Chuir duine eile den lucht féachana fáilte ansin roimh na mná agus ghabh sé buíochas leo agus chuir sé ar a suaimhneas iad gur leo féin Doire mar chathair

fosta. Bhí sé chomh dóchasach céanna le Catherine faoi Phrotastúnaigh agus Caitlicigh a bhfuil cónaí orthu sna heastáit chéanna agus thug sé cuireadh le féachaint ar chluiche i bPáirc na gCeilteach agus é ag súil go mbainfeadh gach duine taitneamh as cultúr agus spórt na hÉireann.

Ina ráitis deiridh, mhol Catherine Cooke agus Allison Wallace do dhaoine teagmháil a dhéanamh agus labhairt le daoine eile, deiseanna éisteachta a fháil. "Tá níos mó de seo de dhíth orainn".

# CONCLÚID

**Bhí an ócáid an-fhaisnéiseach agus labhair an triúr ban go deisbhéalach faoin imní agus faoin éagsúlacht tuairimí agus traidisiún atá ann laistigh den aontachtachas.**

**Ag labhairt di ina dhiaidh sin, dúirt Cathaoirleach na hócáide, Catherine Pollock, go raibh súil aici go dtuigfeadh na daoine a bhí i láthair "éagsúlacht na mothúchán, na dtraidisiún agus an chultúir i measc na bpobal aontachtach."**

**Mar chuid den chomhrá rinneadh plé ar dhóigheanna ar féidir le daoine páirt a ghlacadh i gcomhráite pobail agus polaitiúla, ar an chomhshaol, ar Thionól Saoránach ar oideachas, ar na bannaí máirseála agus go leor eile.**

**Bhí súil ag Catherine Cooke go mbeadh an méid a dúirt siad ina ábhar machnaimh: "Tháinig mé agus bhí mé an-neirbhíseach ach d'fhág mé agus spionn an-mhaith orm." Dúirt Alison Wallace: "D'éist daoine agus léirigh siad an-mheas orainn." Rinne sí cur síos air mar eispéireas an-dearfach.**

**Tá níos mó de na himeachtaí seo de dhíth orainn, de na comhráite seo. Ní mór do phoblachtánaithe agus náisiúnaithe na hÉireann éisteacht go cúramach agus go haireach leis an méid atá á rá ag ár gcomharsana Protastúnacha/Aontachtaithe maidir lena n-éagsúlacht ar fad mar chuid den phleanáil do shaol amach anseo atá cuimsitheach agus comhroinnte agus daonlathach.**

Sinn Féin

SinnFein @sinnfeinireland @sinn_fein www.sinnfein.ie